Sraith 'Cóilín Coinín' Leabhairín 2

Seo chugainn Cóilín Coinín arís!
An mbéarfaidh an feirmeoir
air an uair seo?

An Gúm

Séideán Sí

Slán Sábháilte

Brídín Nic Uiginn
Steve Simpson a mhaisigh

Lá breá samhraidh a bhí ann. Ach istigh sa choinicéar bhí sé fuar dorcha.

'Tá sé fuar dorcha istigh anseo,' arsa Cóilín Coinín lena mháthair.

'Ba mhaith liom dul amach.'

'Amach leat, mar sin,' arsa a mháthair. 'Ach caithfidh tú a bheith cúramach. Ná himigh rófhada ó bhaile.'



Siúd le Cóilín amach as an gcoinicéar. Is é a bhí breá sásta leis féin. Chonaic sé féileacáin agus chonaic sé éin. Chonaic sé beacha agus chonaic sé bláthanna.

'Is maith liom an samhradh,' arsa Cóilín.



Ach tar éis tamaill bhuail ocras é. Chuimhnigh sé ar na cairéid bhreátha a bhí sa gharraí. Ach ansin chuimhnigh sé ar an rud a dúirt a mháthair leis.

'Dúirt Mamaí liom gan imeacht rófhada ó bhaile,' arsa Cóilín. 'Ach tá ocras orm.'



Isteach leis sa gharraí agus thosaigh sé ag ithe na gcairéad. 'Tá na cairéid seo breá blasta,' ar seisean.

Ach ansin chuala Cóilín glór. Léim sé ina sheasamh. Cé a bheadh ann ach an feirmeoir.

'Tusa atá ann arís,' arsa an feirmeoir de bhéic.

'Bailigh leat, a bhithiúnaigh! Bailigh leat!'

Rith Cóilín. Rith an feirmeoir ina dhiaidh.

Cóilín bocht! Bhí a chroí ina bhéal aige. Cá raibh a mháthair? Cá raibh Caoimhe? Tamall roimhe sin shábháil Caoimhe é. Ach cá raibh Caoimhe anois?

Rith Cóilín amach ar an mbóthar agus an feirmeoir ina dhiaidh.

Síos an bóthar leis, síos, síos, síos nó gur shroich sé an abhainn.

Cóilín bocht! Bhí a chroí ina bhéal aige.

'Ní féidir liom snámh,' ar seisean, 'agus tá an feirmeoir sa tóir orm.' Shuigh sé síos agus thosaigh sé ag caoineadh.



Ach ansin chuala Cóilín glór eile. Glór deas séimh. Cé a bheadh ann ach Darach Dobharchú.

'Ná bí ag caoineadh,' arsa Darach le Cóilín. 'Suas leat ar mo dhroim agus tabharfaidh mé trasna na habhann tú.'

Siúd trasna na habhann le Darach agus Cóilín ar a dhroim aige.

Nuair a shroich siad an taobh eile shuigh Cóilín síos in éineacht le Darach Dobharchú. D'fhan siad ansin ag caint nó go raibh sé dorcha.

'Nach bhfuil sé in am agatsa a bheith ag dul abhaile anois?' arsa Darach le Cóilín ansin.

'Tá,' arsa Cóilín.

'Suas leat ar mo dhroim, más ea,' arsa an dobharchú, 'agus tabharfaidh mé trasna na habhann arís tú.'

Nuair a shroich siad an taobh eile
ní raibh tásc ná tuairisc
ar an bhfeirmeoir.
'Táim slán sábháilte anois,' arsa
Cóilín le Darach. 'Go raibh míle
maith agat, a Dharach.'
'Tá fáilte romhat, a Chóilín,' arsa
an dobharchú.

Suas an bóthar le Cóilín ansin,
suas, suas, suas nó gur shroich sé
an baile.

Bhí a mháthair ina suí cois tine
go brónach.
'Ó, a Chóilín! Cá raibh tú, a stór?
Cá raibh tú?' ar sise leis nuair
a tháinig sé isteach.

D'inis Cóilín an scéal ó thús deireadh dá mháthair.

'Dúirt tú liom gan dul rófhada ó bhaile,' ar seisean. 'Ach bhuail ocras mé.'

'Is maith an rud é go raibh an dobharchú ann le haire a thabhairt duit,' arsa a mháthair.

'Is maith,' arsa Cóilín. 'Beidh mé cúramach as seo amach agus ní imeoidh mé rófhada ó bhaile.'